2026/1883

30.7.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1883 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Iúil 2026**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) An 29 Meán Fómhair 2025, tar éis na bearta sriantacha a bhaineann leis na Náisiúin Aontaithe a bheith ath-fhorchurtha ar an Iaráin, i gcomhréir le Rún 2231 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1972 ([2]) lenar leasaíodh Cinneadh 2010/413/CBES chun bearta sriantacha uathrialacha uile an Aontais ar an Iaráin a cuireadh ar fionraí nó a foirceannadh faoin bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta a ath-fhorchur.

(3) I bhfianaise na n-ábhar imní atá ann i gcónaí, chinn an Chomhairle duine amháin agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE

---

([1]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/267/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1972 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L, 2025/1972, 29.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1972/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '57. | Ali ANSARI<br><br>ar a dtugtar freisin Ali Akbar ANSARI | Feidhm: Pearsa gnó<br><br>Dáta breithe: 26.12.1968<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Is pearsa gnó Iaránach agus iar-úinéir Bank Ayandeh agus Iran Mall é Ali Ansari.<br><br>Trí líonra cuideachtaí, úsáideann Ali Ansari bealaí baincéireachta eachtracha chun cistí a aistriú thar lear. Tagann na cistí sin go páirteach ó dhíolacháin ola na hIaráine. Is foinse shuntasach chistiúcháin í earnáil ola na hIaráine d'arm na hIaráine agus do mCór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC).<br><br>Ina theannta sin, trí líonra cuideachtaí, faigheann Ali Ansari sócmhainní substaintiúla, lena n-áirítear réadmhaoin san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, thar ceann daoine a bhfuil baint acu le ceannaireacht na hIaráine, lena n-áirítear an Ceannaire Uachtarach Mojtaba Khamenei.<br><br>Dá bhrí sin, tugann Ali Ansari tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 30.7.2026'; |



ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1883/oj

(2) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '204. | MAPNA Group | Seoladh: No. 231, Mirdamad Blvd., 1918953651, Tehran, an Iaráin<br>Uimhir chlárúcháin: 99134<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 10101431259<br>Cód eacnamaíoch: 411111477788<br>Suíomh gréasáin: www.mapnagroup.com | Is príomhghníomhaí é MAPNA Group in earnáil fuinnimh, ola agus gáis na hIaráine. Tá sé faoi úinéireacht nó faoi rialú Aireacht Fuinnimh na hIaráine, atá liostaithe ag an Aontas.<br>I gcomhar le gníomhaithe Stáit agus eintitis atá faoi úinéireacht Stáit, amhail Ministry of Petroleum (an Aireacht Pheitriliam) agus National Iranian Oil Company, tá baint ag MAPNA Group le taiscéalaíocht a dhéanamh ar gháscheantair agus ar olacheantair agus, dá bhrí sin, cuireann sé le hioncam ola na hIaráine. Leithdháiltear cuid shuntasach den ioncam sin ar na fórsaí armtha, lena n-áirítear Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), agus An Eagraíocht um Nuálaíocht agus Taighde i réimse na Cosanta (SPND).<br>Dá bhrí sin, tugann MAPNA Group tacaíocht do Rialtas na hIaráine. Ina theannta sin, tugann MAPNA Group tacaíocht do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de. | 30.7.2026'. |